**Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa**
**An Chomhairle Eorpach, an 20 Deireadh Fómhair 2022**

A chomhghleacaithe,

Táimid tagtha le chéile anseo arís mar shaoránaigh na hEorpa - na daoine sin a bhfuilimid anseo chun ionadaíocht a dhéanamh orthu - na daoine a bhraitheann orainn le haghaidh cinntí agus ceannaireachta.

Tá siad buartha. Le héifeachtaí iarmhartacha ionsaí na Rúise ar an modh maireachtála a ndearnamar talamh slán de le fada, ní bhraitheann ár ndaoine chomh cobhsaí ná chomh slán sa lá atá inniu ann, agus níl siad chomh muiníneach céanna faoin todhchaí.

Tá siad ag brath orainn le haghaidh treorach, le haghaidh réiteach, lena dtabharfar ar ais an suaimhneas intinne atá caillte ag an oiread sin acu. Ní mór dúinn freagairt go láidir - i gcomhar le chéile - agus go comhréireach. Is anois an t-am chun cinntí ollmhóra a chur in ionad na gcinntí beaga. Is é sin an t-aon bhealach chun cinn atá ann, cibé an bhfuil sé dírithe ar dhul i ngleic le praghsanna leictreachais atá ag ardú as cuimse, le soláthairtí gáis atá ag laghdú, boilsciú atá ag méadú - agus nach bhfuil a bhuaicphointe bainte amach go fóill - nó ar fhreagairt d’ionradh neamhdhleathach, gan údar agus brúidiúil na Rúise ar an Úcráin cheannasach.

Tá sé léirithe leis an bpaindéim go bhfuilimid leochaileach ó thaobh na sláinte de, tá sé léirithe ag ionradh na Rúise go bhfuilimid leochaileach ó thaobh na slándála agus na cosanta de. Tá nochta déanta ar na laigí a bhaineann lenár mbeartais fuinnimh agus tá dúshaothrú á dhéanamh ina leith. Tá ár bpobal ag dul in aois agus slabhraí soláthair an domhain faoi bhrú.

Ní mór ár n-aontacht a bheith lándáiríre - níor cheart gurbh é an chomhthuiscint ab ísle a bheadh ina chaighdeán barr feabhais. Ní mór dúinn gníomhú níos tapúla agus a bheith níos cuimsithí.

Is amhlaidh atá ó thaobh cúrsaí fuinnimh de: fiú má táimid ag staid níos fearr ná mar a bhí cúpla mí ó shin, táimid fós leochaileach i leith ganntanas gáis coibhneasta in éineacht le héileamh ar beag an tionchar a imrítear air le luaineacht i bpraghsanna agus leis an ngné sheachtrach ina bhfuil úsáid á baint ag an Rúis as an ngás mar uirlis troda. Lean anbhá ar na margaí agus luaineacht praghsanna as an tuiscint nach leor soláthar agus stórtha na hEorpa agus ar chomh mór agus atá an Eoraip neamhchosanta.

Tá easnaimh ann nach mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu. Ní mór comhghníomhaíochtaí, dlúthpháirtíocht sa soláthar gáis, agus margadh aonair fuinnimh inchreidte a chruthú, má táimid chun athléimneacht a chothú sa todhchaí.

Rinne an Coimisiún roinnt tograí práinneacha a chur síos. Ó cháin a ghearradh ar bhrabúis amhantair, éileamh ar ghás a laghdú, nó tagarmharc nua a shocrú i gcás GNL. Chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh na bearta sin, ach ag an am céanna tá braistint ann go bhféadfadh sé nach leor an méid sin dár ngnólachtaí Eorpacha a bhfuil a gcostais oibriúcháin imithe as smacht nó do theaghlaigh nach bhfuil in acmhainn a mbillí a íoc a thuilleadh.

Ní mór dúinn smaoineamh ar bhonn níos fadtéarmaí. Ni mor dúinn fís inchreidte a bheith againn i dtaobh an mhargaidh fuinnimh a bheidh againn sa todhchaí. Is den riachtanas é sásra soláthair chomhpháirtigh le haghaidh gás a bheith ann. Is é sin an t-aon slí inar féidir linn bealach coiteann a aimsiú agus gan a bheith ag baint an barr dá chéile tráth is géire a bhfuil bealach dá leithéid ag teastáil. Ní mór dúinn breathnú arís ar an bhféidearthacht deighilt a chruthú idir praghsanna leictreachais agus praghsanna gáis -mar bheart urghnách, sealadach.

Tá cúrsaí ag athrú agus éilíonn siad bealaí nua chun nithe a chur i gcrích. Ní mór dúinn a bheith ullamh. Níl sé éasca, tá brúnna agus réaltachtaí shaol an bhaile againn go léir, ach níor cheart gur inár n-aonar a thabharfaí aghaidh orthu sin. Tá i bhfad an iomarca i gceist. Ní mór dúinn oibriú as láimh a chéile - i bhfíor-dhlúthpháirtíocht. Agus is dea-shampla é nuacht an lae inniu maidir le conair

nua an Fhuinnimh Ghlais lena nasctar an Phortaingéil, an Spáinn agus an Fhrainc le chéile, den chaoi inar féidir linn teacht ar réitigh choiteanna.

Tá an Pharlaimint ullamh i gcónaí chun a cuid féin a dhéanamh - agus is féidir linn é sin a dhéanamh go mear, mar a rinneamar le stóráil gáis níos luaithe i mbliana, agus mar a dhéanfaimid le REPowerEU. Tá tuiscint againn ar mhéid an dúshláin. Táimid ullamh. Chun athbhreithniú fadtéarmach a dhéanamh ar ár margadh fuinnimh, tá Parlaimint na hEorpa ullamh chun dul i mbun oibre agus beart a dhéanamh.

Is comhpháirtí agus comhghuaillí í Parlaimint na hEorpa. Tá na spriocanna céanna againn. Freastalaímid ar na saoránaigh chéanna. Tugann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa an teachtaireacht ar ais chuig a dtíortha dúchais. Is féidir leo míniú a thabhairt do na saoránaigh ar an méid atá ar siúl againn agus ar an bhfáth a bhfuil sé riachtanach. Tá sé sin ríthábhachtach chun ár n-aontacht a choimeád agus chun cur i gcoinne insint agus bhréagaisnéis na Rúise, arb é is aidhm dóibh sinn a dhíchobhsú agus a easaontú.
Cloisimid an imní atá ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí. Ní chiallaíonn réitigh mheara phráinneacha go seachnaímid ár ngnáthnósanna imeachta reachtacha. Cuireann Parlaimint na hEorpa dlisteanacht dhaonlathach Eorpach leis na tograí a ghlacaimid - sin é an fáth ar cheart dúinn a bheith rannpháirteach go hiomlán sa pharlaimint leis na tograí nua a chuirtear síos. Tá sé tábhachtach do na daoine.

Is féidir linn ár mbillí a chur faoi smacht agus is féidir linn é sin a dhéanamh gan ár spriocanna aeráide fadtéarmacha a thréigean, ach ní féidir linn é sin a dhéanamh ach i gcomhar le chéile.

Ar ndóigh, tá praghsanna fuinnimh atá ag dul i méid ag cur leis an mboilsciú, rud a fhágann gur lú an glanioncaim atá ann do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Is gearr go mbeidh ár mbainc agus an earnáil airgeadais faoi bhrú - leis an tionchar a bheidh ag an ardú ar mhorgáistí ar ár margadh tithíochta. Tá an boilsciú atá faoi fhigiúirí dubáilte agus na rátaí úis atá ag ardú go mear ag déanamh tubaiste millteanach, le laghdú ollmhór ar luach thithe agus thuarastail na ndaoine agus ar bhuiséid náisiúnta.

D’éirigh lenár ngeilleagar téarnamh maith a dhéanamh tar éis na paindéime, a bhuíochas lenár gcreat rialachais eacnamaíoch agus lenár NextGenerationEU. Anois, ní mór dúinn na dálaí cearta a leagan síos chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh, chun geilleagar an Aontais a chur ar ais ar chonair chobhsaí fáis.

Tá costas i gceist le réitigh. Le linn na paindéime, chruthaíomar fiachas nach mór a aisíoc trí úsáid a bhaint as acmhainní dílse - agus is eol dúinn nach leor é sin. Chun fiachas a sheirbhísiú, éilítear go dtiocfaidh fás ar ár ngeilleagair chun easnaimh níos airde a chruthú. Níl de rogha ann ach fás. Tagraím arís do chúrsaí fuinnimh - ní mór dúinn praghsanna a ísliú chun cabhrú leis an bhfilleadh ar fhás stóinseach eacnamaíoch i ngach aon réimse. Is é sin an chaoi inar féidir linn maolú a dhéanamh ar thionchar sóisialta agus eacnamaíoch na géarchéime atá os ár gcomhair agus díriú ar na daoine is leochailí.

Teastaíonn an spreagadh sin ónár ngeilleagar Ní bhaineann sé sin le cúrsaí rathúnais amháin ach, le cúrsaí slándála freisin.

Ciallaítear freisin leis sin, gur gá féachaint an athuair ar Bhuiséad an Aontais. Bhí ar an CAI nua aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iomadúla cheana féin. Tá easpa acmhainní agus solúbthachta ann chun freagairt do ghéarchéimeanna nó chun tosaíochtaí nua a mhaoiniú. Ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh chun dul in oiriúint don tráth atá linn anois. Ní leor réitigh sheachbhuiséid nó fiú athbhreithniú mar fhreagraí ar an méid a bhfuil súil ag na daoine leis uainn.

Tuigim an drogall a bhaineann le hathoscailt. Tuigim na réaltachtaí polaitiúla, ach ní mór don CAI a bheith slán i bhfad na haimsire le solúbthacht ionsuite. Ba cheart uasteorainneacha a ardú i gcás inar gá chun léiriú a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí nua.

Tá iarracht á déanamh againn an t-airgead a aimsiú chun cabhair dhaonnúil a chur ar fáil don Úcráin, chun dul i ngleic leis an ngéarchéim dhomhanda bhia, chun dul i ngleic leis na tubaistí nádúrtha, agus chun ár n-uaillmhianta beartais maidir le fuinneamh, cosaint agus neamhspleáchas straitéiseach a mhaoiniú.

Agus níl san áireamh leis an méid sin, na céadta billiún a bhfuil gá leo le haghaidh atógáil na hÚcráine.

Agus in ionad an t-airgead teoranta atá againn i mbuiséad an Aontais a chaitheamh ar na tosaíochtaí sin, ní mór dúinn úsáid a bhaint as chun fiachas NextGenerationEU a aisíoc, i ngeall nár thángamar ar chomhaontú maidir le hacmhainní dílse nua agus go bhfuil sé d'oibleagáid orainn i bhfad níos mó airgid a íoc ná mar a bhí beartaithe i ngeall ar an ardú atá tagtha ar rátaí úis. Is ionann sin agus EUR 450 milliún sa bhreis in 2023. Tá sé ag éirí níos deacra míniú a thabhairt ina leith sin.

Níl aisíocaíocht fiachais lánroghnach - níl de rogha againn ach é a íoc ar ais. Mura dtiocfaidh laghdú ar na rátaí úis, cuirfidh aisíocaíocht fiachais NextGenerationEU deireadh le hacmhainneacht iomlán an bhuiséid chun freagairt do ghéarchéimeanna agus cuirfear tús leis an ídiú a dhéanfar ar chláir an Aontais.

Ní féidir an méid sin a chur i gcrích in aon chor gan dlús a chur lenár gcabhair don Úcráin. Tá na saincheisteanna atá os ár gcomhair idirnasctha. Is amhlaidh gur leaganacha éagsúla den tsaincheist chéanna iad - saincheist atá á gríosú ag fogha agus ag teoiricí leathnaitheacha na Rúise, teoiricí a bhaineann le ré eile atá i bhfad siar sa stair.

Is uafásach iad na hionsaithe neamh-idirdhealaitheacha atá á ndéanamh ar chathracha agus ar an mbonneagar sibhialta ar fud na hÚcráine, ach ní mór aghaidh a thabhairt orthu sin le gníomhaíocht chinntitheach lena n-áirítear:

- Smachtbhannaí méadaithe
- Méadú ar an tacaíocht mhíleata go háirithe córais aerchosanta, tancanna agus armúr trom
- Iarrachtaí neartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na coireanna cogaidh a rinneadh san Úcráin

Tá sé sin tábhachtach má táimid chun síocháin a bhaint amach - agus ní mór dúinn an tsíocháin a chur chun cinn. Ach níor mór don tsíocháin sin a bheith lándáiríre, inbhuanaithe agus buan. Tá taithí ag an iomarca de na náisiúin a bhfuil sibh i gceannas orthu ar an bhforghabháil - taithí phearsanta i gcás go leor díbh. Ní mór dúinn foghlaim ó stair phianmhar na hEorpa agus tuiscint a bheith againn ar an té lena bhfuilimid ag plé. Is í an tsíocháin an sprioc atá againn. Agus ní féidir le fíorshíocháin a bheith ann d'uireasa an cheartais - le Binse chun coireanna cogaidh, lucht a ndéanta agus cúiteamh a fhiosrú.

Ní mór dúinn a bheith ullamh chun dul níos faide ná sin. Tuigim i gcás smachtbhannaí gur ann do lucht a gcáinte - ach tá siad riachtanach, oibríonn siad agus ní mór dóibh a bheith níos cuimsithí fós - lena n-áirítear le Lukashenko sa Bhealarúis.

Tá todhchaí na hEorpa ag brath ar a cumas chun dul in oiriúint le luas, misneach agus aontacht. I ngeall nach mór dúinn a thuiscint go ndéanfar dúshaothrú i leith aon chomhartha easaontais agus go ndéanfar é sin a úsáid inár gcoinne.

Tugadh léargas le hionradh brúidiúil, neamhdhleathach agus gan údar na Rúise ar an Úcráin, ar an gcaoi nach mór dúinn dul in oiriúint agus ar an gcaoi nach mór dúinn an chosaint agus an tslándáil a choinneáil ar bharr ár gclár oibre chun dul i ngleic le hionsaithe hibrideacha. Nuair a ghéaróidh an Rúis ar a hionsaí le linn an gheimhridh agus níl aon amhras faoi sin, ní mór dúinn breathnú ar an Eoraip mar phobal ina mbeidh 43 mhilliún duine sa bhreis, daoine a bheidh ag brath orainn. Ní mór dúinn a bheith ullamh.

Agus is é fírinne an scéil é go bhfuil ár gcosaint ag brath ar an Úcráin agus ar an gcabhair a chuirimid ar fáil di: Na córais aerchosanta. Na tancanna. An tacaíocht airgeadais. An tacaíocht pholaitiúil.

Ar deireadh, ba mhaith liom an Mholdóiv, an stát is boichte san Eoraip a lua, atá buailte go dona ag na hiarmhairtí a bhí ag cogadh na Rúise ar an Úcráin, bíodh sin ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha, daonnúla, fuinnimh nó fiú polaitiúla de. Tá ár n-aird agus ár gcúnamh praiticiúil ag teastáil ón Moldóiv.

Tá tuiscint agam ar mhéid na híobartha atá déanta agaibh: ar bhonn polaitiúil, airgeadais agus míleata. Tuigim nach mbeidh sé éasca a iarraidh oraibh tuilleadh a dhéanamh ar bhonn níos gasta. Ach ní raibh an éascaíocht riamh ina critéar ag an ngníomhaíocht. Tá sé riachtanach. Tá sé ríthábhachtach agus is fúinne atá sé déileáil leis agus táim lánchinnte gur féidir linn é sin a dhéanamh le chéile.